



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Síolta a Shábháil





Am na Bliana	Márta go Meitheamh.
Aidhm	Chun síolta a shábháil ó ghlasraí, torthaí agus bláthanna i ngairdín na scoile.
Acmhainní ag teastáil	Plandaí le síolta, sreangán, mála heiséain, lipéid, málaí páipéir, coimeádáin, prócaí iógart gloine, boscaí páipéir agus stórála.
Ábharthacht Thraschuraclaim	OSIE: Rudaí beo, feasacht & cúram comhshaoil, taifeadadh, breathnú Tíreolaíocht: Tír dhúchais na bplandaí Stair: Stair na talmhaíochta Mata: Tomhais, comhaireamh, meastachán, taifeadadh, foghlaim ghníomhach Litearthacht: Scríbhneoireacht, litriú Ealaín: Líníocht, comharthaí a dhéanamh Curacclam Neamhfhoirmiúil: Discover Primary Science



1 Sainmhíniú

Is éard is sábháil síolta ann ná an sean thraidisiún a bhaineann le síolta a bhailiú ó bharr sláintiúla reatha chun síolta a sholáthar do bharr na bliana seo chugainn.

- ★ Is cuid thábhachtach de thimthriall an nádúir é sábháil síolta do pháistí le feiceáil, ag taispeáint go dtagann na plandaí tríd an timthriall iomlán ó shíol go planda go bia agus ar ais go síol arís.
- ★ Tagann síolta i ngach cineál. Táirgeann roinnt plandaí síolta ar an taobh istigh dá dtorthaí e.g. trátaí agus puimcíní, agus cuid acu óna mbláthanna m.sh. cairéid agus cabáiste



2 Conas síolta a shábháil

- ★ Sábháil síol ón bplanda is láidre agus is sláintiúla i gcónaí
- ★ Triomaigh amach na síolta go maith sula stóráiltear iad.
- ★ Aimsigh spota atá fionnuar agus tirim le triomú agus stóráil, má fhaigheann siad taise nó te lobhfaidh siad.
- ★ Stóráil i mboscaí bróg, stáin bhrioscaí nó málaí páipéir (ná húsáid plaisteach mar níl sé inánálaithe).
- ★ Déan cinnte na síolta a lipéadú agus a dhátú.



3 Glasraí

Piseanna & Pónairí Reathaí

Fág roinnt pónairí agus piseanna ar an bplanda chun fás mór gan iad a bhaint. Lig dóibh éirí donn, bain den phlanda, agus fág áit éigin le triomú. Bris an blaosc as agus cuir na síolta i gcoimeádán aerdhíonach go dtí an t-earrach.

Gairleog

Éiríonn clóibh gairleog amháin ina cheann gairleoige le 8-12 clóibh sa cheann. Sábháil clóibh mhóra láidre ó do fhómhar gairdín, fág le triomú agus stóráil i mbosca nó i mála páipéir go dtí an t-earrach.

Prátaí

Is é an práta féin an síol, ar a dtugtar tiúbar. Sábháil na prátaí beaga ó do fhómhar, ná glan iad; lig don ithir triomú. Stóráil in áit dhorcha, fhionnuar i bpáipéar nó i mála heiséan.

Puimcíní

Bain do phuimcíní d'Oíche Shamhna. Nuair a bhíonn tú ag scríobadh amach an taobh istigh chun do chuid snoíodóireachta a dhéanamh, coinneigh na síolta. Glan go maith agus nigh as gach rian den fheoil. Lig dóibh le triomú agus stóráil.

Spionáiste, sailéid, leitís & raidis

Cuirfidh na plandaí seo ar fad ceann bláthanna amach ag deireadh a séasúir fáis mura mbaintear iad. Lig dó bláthú agus cruthóidh na síolta ansin ó cheann na mbláthanna. Lig d'aibiú ar an bplanda agus gan ach an planda a ghearradh amach nuair a thosaíonn sé ag éirí donn. Croch suas le triomú in áit éigin te agus tirim. Is cinn síolta beaga bídeacha iad seo go léir agus mar sin bain iad go cúramach agus stóráil i gcoimeádáin go dtí an t-earrach.



Cairéid & biatas

Táirgeann siad cinn bláthanna sa dara bliain fáis, mar sin fág cúpla planda sa talamh i dtréimhse an fhómhair. An bhliain dár gcionn seolfaidh siad seo ceann bláthanna amach a aibeoigh ansin i gcinn síl. Lig d'aibiú ar an bplanda agus gan ach an planda a ghearradh amach nuair a thosaíonn sé ag éirí donn. Croch suas in áit éigin te agus triomaigh agus fág le triomú amach. Is cinn síolta beaga bídeacha iad seo go léir agus mar sin bain iad go cúramach trí chroitheadh isteach i mála páipéir donn. Stóráil i gcoimeádáin thirim go dtí an t-earrach.

Sláinte & Sábháilteacht

- ★ Fan le do ghrúpa.
- ★ Bain úsáid as uirlisí go sábháilte.
- ★ Nigh lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- ★ Féach ar an mbileog oibre ar Shláinte & Shábháilteacht chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.





4 Bláthanna

Calendula

Is planda luibh leighis é, forbraíonn sé cinn síolta follasacha sa gheimhreadh. Bain, fág le triomú agus stóráil i gcoimeádán aerdhíonach.

Lusanna na gréine

San fómhar, faigh na páistí chun cuid de na síolta a bhaint de na lusanna gréine is fearr. Seiceáil go bhfuil síol láidir acu taobh istigh den eithne crua seachtrach nó ní fhásfaidh siad. Fág an chuid eile den síol do na héin. Bain an ceann agus cuir isteach an sceach nó na crainn.

Nasturtium/Lúipíní/Poipíní/Pis Chumhra

Forbraíonn na bláthanna seo go léir ceann síolta soiléir san fhómhar. Bain an ceann síolta leis na páistí, agus fág le triomú. Oslóidh an ceann lúipín agus pis chumhra nuair a bheidh sé tirim chun na síolta a nochtadh. Tá lúipíní agus piseanna milse cosúil go leor agus mar sin bí cúramach nach n-éiríonn siad measctha suas.

Mata - Plandaigh 1 síol lus na gréine agus faigh amach cé mhéad a bhaintear as an gceann bláthanna a tháirgtear.

OSIE - Ag baint úsáide as lus na gréine, meáigh an ithir thriomaithe, an pota agus an síol, cuir an síol agus an t-uisce, ag am fómhair, fág gach rud le triomú agus le hathmheá.

Stair - Coinneáil síl ar feadh na staire.

Ealaín - Déan paicéid síl chun le síolta a choinneáil ann, bain úsáid as bláthchinn triomaithe (tar éis síolta a bhaint de) le haghaidh tionscadal ealaíne nádúrtha, féach ar phatrún cheann síl lus na gréine agus taighde ina ndéantar aithris ar an bpatrún sin sa nádúr.

Focail Taighde: TIÚBAR, IOMADÚ

Chun tuilleadh eolais a fháil

Cumann Sábhála Síolta Éireann

www.irishseedsavers.ie